# Ar chóir don Ghaeilge a bheith éigeantach?

**Le Emma Ní Dhochartaigh – 4ú Bliain**

Ar chóir don Ghaeilge a bheith éigeantach? Ceist conspóideach í seo atá i gcinn leath an phobail sa lá atá inniu ann. I mo thuairimse, ba chóir go bhfanfadh an Ghaeilge mar ábhar éigeantach don Ardteist ach ní aontaíonn gach duine liom. Is í ár dteanga dhúchais atá riachtanach ar fud na cruinne. Ní dhéanann sé difir cén áit sa domhain atá tú, bíonn daoine Éireannacha ann. Conas is féidr linn seasamh amach as an slua? Cúpla focail Gaeilge a labhairt!

Ó mo thaithí féin, tá an Ghaeilge thar a bheith tábhachtach agus ba chóir dúinn a bheith bródúil as ár dteanga. D'fhreastail mé ar ghaelscoil nuair a bhí mé óg agus is breá liom an t-ábhar ag leibhéal na hArdteiste. Tá a fhios agam go mbíonn sé deacair in amanna – dúshlán do chuid mhór déagóirí, ach tá seirbhísí ar fáil agus is féidir leat an scrúdú a dhéanamh ag an ghnáthleibhéal.

Chuaigh mé go dtí an Ghaeltacht an samhradh seo caite agus, caithfidh mé a admháil, bhí am den chéad scoth agam. Bhí trí seachtaine agam lán de spraoi, oidhreacht, craic agus traidisiúin – uilig as Gaeilge. B'fhéidir gurbh fhéidir le daoine atá ag streacailt leis an ualach oibre cúpla seachtaine a chaitheamh sa Ghaeltacht chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

Beatha teanga, í a labhairt agus tá ár dteanga mar thosaíocht sa lá atá inniu ann. Tá a fhios agam go bhfuil córas na bpointí míchothrom, ach tá an t-ábhar úsáideach san ollscoil fosta, agus tá chúrsaí teilifíse ann mar shampla, RTÉ, TG4 agus fiú na Gardaí. Ach caidé réiteach na faidhbe? Tá níos mó ná réiteach amháin ann, agus bheadh gaois Sholaimh de dhíth! Mar a deireann said, "Tír gan teanga, tír gan anam!"